# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1330 ÓN gCOIMISIÚN

## an 29 Meitheamh 2023

## lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ('an bun-Rialachán') iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. **NÓS IMEACHTA**

#### 1.1. **Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm**

(1) Le Rialachán (AE) 2017/763 ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air. Bhí na bearta i bhfoirm rátaí dleachta seasta ar an leibhéal EUR 104,46 in aghaidh an ghlantona, don ghrúpa onnmhairiúcháin comhoibríoch aonair agus do gach cuideachta eile.

(2) Is éard a bhí i gceist leis na breithiúnais i gcásanna T-383/17 ([3]) agus C-260/20 P ([4]) neamhniú na mbeart don ghrúpa onnmhairiúcháin comhoibríoch aonair. Le Rialachán (AE) 2023/593 ([5]), d'ath-fhorchuir an Coimisiún Eorpach na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ar an leibhéal athbhreithnithe EUR 103,16 in aghaidh an ghlantona, don ghrúpa onnmhairiúcháin comhoibríoch aonair agus do gach cuideachta eile.

#### 1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(3) I ndiaidh foilsiú fógra maidir le dul in éag a bheith ag teacht ([6]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) ('an bun-Rialachán').

(4) Is é Comhlachas Páipéir Theirmigh na hEorpa ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 1 Feabhra 2022 thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann páipéar teirmeach éadrom áirithe de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dhócha go leanfaí den dumpáil nó go dtarlódh sí arís agus go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlódh sí arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

---

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/763 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré, (IO L 114, 3.5.2017, lch. 3).

([3]) ECLI:EU:T:2020:139.

([4]) ECLI:EU:C:2022:370.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/593 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré a mhéid a bhaineann le Grúpa Hansol agus lena leasaítear an dleacht iarmharach (IO L 79, 17.3.2023, lch. 54).

([6]) IO C 314, 6.8.2021, lch. 9.

### 1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(5) I ndiaidh don Choimisiún a chinneadh, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 3 Bealtaine 2022 maidir le hallmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7])('an Fógra Tionscnaimh').

### 1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(6) Leis an imscrúdú maidir le leanúint nó atarlú na dumpála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh an díobháil arís, is imscrúdú é ina gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúduithe athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreithniú').

### 1.5. **Páirtithe leasmhara**

(7) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, an táirgeoir aitheanta i bPoblacht na Cóiré agus údaráis Phoblacht na Cóiré, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an éaga agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann.

(8) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

### 1.6. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(9) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir le tionscnamh ó Hansol Paper Co. Ltd. ('Hansol Paper'). Mhaígh an páirtí sin nach léirítear sna sonraí san iarraidh go bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais.

(10) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearna Hansol Paper scrúdú ar an iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) agus le míreanna ábhartha eile d'Airteagal 11 den bhun-Rialachán, agus bhain sé an tátal as gur comhlíonadh na ceanglais maidir le himscrúdú a thionscnamh, i.e., go raibh leordhóthanacht agus cruinneas na fianaise a chuir na hiarratasóirí isteach ina fhianaise leordhóthanach inar taispeánadh an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dhíobhálach nó go gcuirfí tús léi arís.

(11) Chuige sin, mheabhraigh sé freisin nach gá, ag céim na hiarrata, go mbeadh an fhianaise chéanna os comhair an Choimisiúin maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil agus go gcuirfear tús leis an dumpáil agus an díobháil arís maidir leis an gcainníocht agus leis an gcáilíocht a bheadh riachtanach chun na bearta a leathnú. Is éard is imscrúdú frithdhumpála ann ná próiseas ina mbaintear amach cinnteacht diaidh ar ndiaidh de réir mar a théann an t-imscrúdú ar aghaidh go bhfuil na heilimintí ann is gá chun beart a ghlacadh nó a fhadú nó chun imeachtaí a fhoirceannadh. Ina theannta sin, níl sé curtha as an áireamh go bhféadfadh earráidí nó míchruinnis áirithe a bheith san iarratas. Mar sin féin, toisc gurb ann dóibh ní gá go mbeidh tionchar acu ar an gconclúid fhoriomlán go bhfuil fianaise leordhóthanach san iarraidh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil dhíobhálach nó go dtarlóidh sí arís agus gur fiú an comhad a fhiosrú.

(12) Ina theannta sin, is léir ón gcaighdeán dlíthiúil fianaise a theastaíonn le haghaidh iarrata (fianaise leordhóthanach) nach bhfuil cainníocht agus cáilíocht na faisnéise san iarraidh mar an gcéanna leis an gceann a bhí ar fáil ag deireadh an imscrúdaithe. Níl sé curtha as an áireamh go dtiocfadh athruithe ar an scéal idir céim na hiarrata agus deireadh an imscrúdaithe. Mar sin féin, ní gá go mbeadh tionchar ag athruithe den sórt sin ar an gconclúid fhoriomlán gur fiú an comhad a fhiosrú ós rud é go bhfuil fianaise leordhóthanach ann maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil dhíobhálach nó go dtarlóidh sí arís.

([7]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO C 180, 3.5.2022, lch. 4).

(13) Maidir leis an éileamh nach léireofaí sna sonraí san iarraidh go bhfuil díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais, d'áitigh Hansol Paper go léireofaí sna táscairí eacnamaíocha arna soláthar san iarraidh go bhfuil allmhairí ón gCóiré ar leibhéil neamhdhíobhálacha, go bhfuil sciar diomaibhseach den mhargadh sa Chóiré agus go bhfuil ag éirí go maith le tionscal an Aontais maidir leis an méid díolachán, sciar den mhargadh, infheistíochtaí agus éifeachtúlacht oibriúcháin. De réir Hansol Paper, admhaíodh san iarraidh go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais thar an tréimhse faoi bhreathnú ach mhaígh sé go bhfuil sé sin mar gheall ar thosca eile ar fud an mhargaidh nach bhfuil aon bhaint acu le hallmhairí ón gCóiré.

(14) Shoiléirigh an Coimisiún go líomhnaíonn an t-iarratasóir san iarraidh an dóchúlacht go leanfar den díobháil ón tír lena mbaineann nó *go dtarlóidh sí arís*. Mheas an Coimisiún go deimhin, gur sholáthair an t-iarratasóir, san iarraidh, fianaise leordhóthanach lena léirítear go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais, i ndiaidh tréimhse thosaigh téarnaimh, nuair a mhéadaigh na hallmhairí ón tír lena mbaineann idir an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus an 30 Meán Fómhair 2021. I ndáil leis sin, mheabhraigh sí gur gá scrúdú a dhéanamh, inter alia, ar na tosca ábhartha de réir na tuairisce in Airteagal 5(2)(d) den bhun-Rialachán chun teacht ar chonclúid maidir le díobháil ábhartha. Go deimhin, sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseofar sa ghearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a bhfuil sé líomhainte gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar a léirítear le tosca agus innéacsanna ábhartha (ní gá go bhfuil siad go léir i gceist) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail na cinn a liostaítear in Airteagal 3(3) agus (5). Tá sé sin infheidhme *mutatis mutandis* maidir leis an anailís ar dhóchúlacht in athbhreithniú éaga. Mar an gcéanna, ní mór meath a léiriú le gach tosca chun díobháil ábhartha a shuíomh (agus dá bhrí sin, an dóchúlacht go leanfar den díobháil ábhartha nó go dtarlóidh sí arís). Ina theannta sin, má tá tosca eile ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar staid thionscal an Aontais, ní gá go dtabharfadh sé sin le tuiscint nach bhfuil éifeacht na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal sin ábhartha (arís, tá sé sin infheidhme ar an mbealach céanna maidir leis an anailís ar dhóchúlacht). Is fíor sin i gcás athbhreithniú éaga ina ndírítear ar cad a tharlódh dá ndéanfaí bearta a aisghairm. Thairis sin, i gcás athbhreithniú éaga, d'fhéadfadh éifeacht dhearfach áirithe a bheith ag bearta frithdhumpála fiú má leantar den díobháil ar an iomlán. Ar aon nós, thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh ar an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís. Léirigh sé, go háirithe, go bhfuil an ró-acmhainneacht shuntasach táirgeachta ina saintréith de chuid mhargadh na Cóiré. Ní féidir le margadh baile na Cóiré an táirgeadh iomarcach sin a ionsú. Dá bhrí sin, tá margadh an Aontais, arb é an margadh páipéir theirmigh is mó ar domhan é, tarraingteach d'onnmhaireoirí na Cóiré ó thaobh méide de. Ina theannta sin, is deacair rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairiúcháin eile ar chúiseanna éagsúla ([8]). Ar an mbonn sin, bhí an Coimisiún i dteideal an t-imscrúdú a thionscnamh.

(15) A mhéid a bhaineann le líomhaintí Hansol Paper maidir le forbairt dhearfach roinnt táscairí díobhála san iarraidh, e.g. sciar den mhargadh agus an méid díolachán, thug an Coimisiún dá aire gur minic a bhíonn tionchar dearfach ag bearta frithdhumpála ar staid thionscal an Aontais – ar toisc í a cuireadh san áireamh, ar ndóigh, in anailís an Choimisiúin.

(16) Maidir leis an mbarúil faoi leas an Aontais, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar leas an Aontais ag an gcéim thionscnaimh.

## 1.7. **Sampláil**

(17) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

### 1.7.1. *Sampláil ar tháirgeoirí Aontais*

(18) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí thairgeoir de chuid an Aontais. Na critéir arna n-úsáid chun an sampla a roghnú i gcás ina raibh an méid ba mhó díolachán ionadaíoch agus táirgeadh an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021. Ba iad táirgeoirí sampláilte an Aontais a bhí i gceist le 86 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus na ndíolachán san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Fuarthas barúil amháin ó chomhlachas an Aontais a thacaigh leis an sampla sealadach. Deimhníodh an sampla an 12 Bealtaine 2022. Is sampla é atá ionadaíoch do thionscal an Aontais.

([8]) Iarraidh roinn 10.3, lgh 26-28.

1.7.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(19) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir**

(20) D'iarr an Coimisiún ar thrí tháirgeoir sampláilte ón Aontas agus ar an bpríomhtháirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa Chóiré na ceistneoirí ábhartha a cuireadh ar fáil ar líne ([9]) ar lá an tionscnaimh a líonadh isteach.

(21) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir sampláilte ón Aontas, ón bpríomhtháirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta, Hansol Paper, agus óna allmhaireoirí gaolmhara Hansol Europe B.V. agus Hansol America Inc. Thairis sin, thug an t-iarratasóir freagra ar an gceistneoir le macrashonraí.

1.9. **Fíorú**

(22) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil agus nó go dtarlóidís arís agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Koehler Paper SE, Oberkirch, an Ghearmáin

— Mitsubishi HiTec Paper Europe GmbH, Bielefeld, an Ghearmáin.

— Jujo Thermal Oy, Kauttua, an Fhionlainn.

Táirgeoir onnmhairiúcháin i bPoblacht na Cóiré

— Hansol Paper Co. Ltd, Seoul agus Seocheon-gun, Chungcheongnam-do, Poblacht na Cóiré ('Hansol Paper')

Allmhaireoirí gaolmhara

— Hansol Europe B.V., Hoofddorp, an Ísiltír ('Hansol Europe')

— Hansol America Inc., Fort Lee, Stáit Aontaithe Mheiriceá ('Hansol America')

1.10. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(23) An 27 Aibreán 2023, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. An 10 Bealtaine 2023, sheol an Coimisiún nuashonrú ar an ríomh maidir le sladghearradh chuig Hansol Paper amháin. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh. Fuarthas tuairimí ó na hiarratasóirí agus ó Hansol Paper.

(24) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna ndéanamh ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Níor iarr aon pháirtí éisteacht.

1.11. **Sonraí a chur i láthair**

(25) I bhfianaise líon teoranta na bpáirtithe a chuir sonraí isteach, theastaigh cuid de na figiúirí atá curtha i láthair thíos a chur i bhfoirm raonta chun sáruithe rúndachta a sheachaint. Tugtar na sonraí ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch aonair i bhfoirm raonta freisin toisc gurb í an t-aon chuideachta a chomhoibrigh.

([9]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2596

## 2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(26) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge a bhí faoin imscrúdú bunaidh, mar atá páipéar teirmeach éadrom áirithe a bhfuil 65 g/m2 nó níos lú meáchain ann; i rollaí atá 20 cm ar leithead nó níos mó, nuair is 50 kg nó níos mó an meáchan (lena n-áirítear an páipéar) atá sa rolla agus nuair is 40 cm nó níos mó an trastomhas (lena n-áirítear an páipéar) atá aige ('ollrollaí'); le bonnbhrat nó gan bhonnbhrat ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; iad brataithe le substaint atá teirmíogair ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus le barrbhrat nó gan bharrbhrat ('an táirge faoi athbhreithniú'), atá faoi láthair faoi na cóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 90 00, ex 4816 90 00 agus ex 4823 90 85 (cóid TARIC: 4809 90 00 10, 4811 90 00 10, 4816 90 00 10, 4823 90 85 20).

(27) Is páipéar speisialtachta atá i bpáipéar teirmeach éadrom. Tá brat gníomhach teirmeach air a imoibríonn chun íomhá a chruthú nuair a chuireann printéirí le cnogaí printéara teirmeacha teas i bhfeidhm air. Úsáidtear páipéar teirmeach éadrom le haghaidh feidhmeanna pointe díola amhail na hadmhálacha a eisíonn lucht miondíola, ach lena chois sin, le haghaidh lipéid féinghreamaitheacha le haghaidh pacáistiú ríomhthráchtála, ticéid agus clibeanna.

(28) Is féidir páipéar teirmeach éadrom a tháirgeadh le roinnt cineálacha forbróirí ceimiceacha. Baineann an t-imscrúdú reatha leis na cineálacha go léir.

### 2.2. An táirge lena mbaineann

(29) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Phoblacht na Cóiré.

### 2.3. Táirge comhchosúil

(30) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre Phoblacht na Cóiré; agus

— an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas.

(31) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

### 2.4. Éilimh maidir le raon táirge

(32) In aighneacht dar dáta an 1 Iúil 2022, d'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin go ndéanfaí a shoiléiriú an ndéanfaí cineálacha nua táirgí arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais chuimsiú le raon feidhme an athbhreithnithe éaga nó a eisiamh uaidh. Ní úsáidtear aon fhorbróir ceimiceach leis na cineálacha nua sin táirgí agus scaoiltear an íomhá bunaithe ar fhisic seachas ar phróiseas ceimiceach. I nóta leis an gcomhad dar dáta an 19 Meán Fómhair 2022 soiléiríodh raon feidhme an imscrúdaithe sa chiall nach bhfuil ach páipéar teirmeach éadrom lena n-úsáidtear forbróir ceimiceach cumhdaithe ag an imeacht.

## 3. DUMPÁIL

### 3.1. Réamhbharúlacha

(33) Le linn thréimhse an imscrúdúcháin athbhreithnithe, leanadh d'allmhairiú páipéir theirmigh éadroim ó Phoblacht na Cóiré, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015). De réir thábla 2 thíos, allmhairí páipéir theirmigh éadroma ó Phoblacht na Cóiré ab ea 2,7 % de mhargadh an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 13,6 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh.

(34) Chomhoibrigh Hansol Paper leis an imscrúdú. Ba é Hanson Paper a bhí i gceist le (gar do) gach allmhaire den táirge faoi athbhreithniú ó Phoblacht na Cóiré. Níor tháinig aon táirgeoir onnmhairiúcháin eile chun tosaigh. Tá na torthaí maidir le leanúint na dumpála bunaithe ar shonraí fíoraithe Hansol Paper.

### 3.2. **Leanúint na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

#### 3.2.1. *Gnáthluach*

(35) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don táirgeoir onnmhairiúcháin a bhí ag comhoibriú go hiomlán ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre má tá méid na ndíolachán intíre iomlán den táirge comhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairiúcháin iomlán den táirge faoi athbhreithniú leis an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(36) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha.

(37) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Díolacháin intíre cineáil táirge, tá siad ionadaíoch má tá méid na ndíolachán intíre iomlán den chineál táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid na ndíolachán onnmhairiúcháin iomlán den chineál táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún, i gcás cineálacha áirithe táirgí a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nach raibh aon díolachán intíre ann agus, dá bhrí sin, nach raibh siad ionadaíoch.

(38) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe lena chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(39) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, má:

(a) bhí méid díolachán an chineáil táirge, a díoladh ar phraghas glandíolacháin a bhí comhionann leis an gcostas táirgeachta a ríomhadh nó níos mó ná sin, comhionann le breis agus 80 % de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge sin; agus

(b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(40) Sa chás sin, is é an gnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(41) Is é an gnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, má:

(a) tá méid díolachán brabúsach an chineáil táirge comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán iomlán an chineáil sin: nó

(b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

(42) Léiríodh san anailís ar na díolacháin intíre, ag brath ar an gcineál táirge, go raibh idir 32 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir brabúsach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe maidir le gach cineál táirge níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, de réir an chineáil táirge, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre uile le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, sin nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(43) I gcás nár díoladh cineál táirge ar an margadh intíre, agus in éagmais praghas díola intíre de chineál táirge den sórt sin ag aon táirgeoir onnmhairiúcháin eile, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(44) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ('DGR') ualaithe a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(45) D'onnmhairigh Hansol Paper an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trína chuideachta ghaolmhar Hansol Europe.

(46) Maidir le díolacháin an táirgeora onnmhairiúcháin go díreach le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(47) Maidir le díolacháin an táirgeora onnmhairiúcháin chuig an Aontas trí Hansol Europe ag gníomhú mar allmhaireoir, ba ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas a suíodh an praghas onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas maidir le gach costas a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais DGR, agus brabúis a fabhraíodh.

(48) Maidir leis an gcorrlach brabúis a úsáideadh, i gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe chúirteanna an Aontais ([10]), níor bhain an Coimisiún úsáid as corrlach brabúis na cuideachta gaolmhaire toisc go meastar go bhfuil sé neamhiontaofa. In éagmais aon fhaisnéis eile, chuaigh sé i muinín an chorrlaigh bhrabúis 4,5 % a úsáideadh san imscrúdú bunaidh freisin ([11]).

3.2.3. *Comparáid*

(49) Rinne an Coimisiún comparáid, in aghaidh an chineáil táirge, idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(50) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Baineadh coigeartuithe maidir le costais iompair, costais láimhseála agus lódála, muirir bhainc, dleachtanna custaim an Aontais, lacáistí ag deireadh na bliana, coimisiúin agus aistarraingt dleachta as praghsanna díola intíre agus/nó onnmhairiúcháin, i gcás inar tuairiscíodh iad agus ina bhfuarthas go raibh údar leo. Shuigh an Coimisiún nach raibh aon údar leis na maímh ar choigeartuithe a bhain le costais phacála agus costais chreidmheasa.

(51) Bhí an phacáil maidir le honnmhairiú agus maidir le díolacháin intíre comhionann go bunúsach, agus dá bhrí sin ní raibh aon chúis leis an éileamh coigeartaithe a dheonú.

(52) Foráiltear le hAirteagal 2(10)(g) den bhun-Rialachán, i gcás go gcuirtear creidmheas san áireamh mar thoisc agus na praghsanna a ghearrfar á gcinneadh, go bhféadfadh sé go mbeadh údar le coigeartú. Dhiúltaigh an Coimisiún an coigeartú costais creidmheasa bunaithe ar an réasúnaíocht nár nochtadh é, toisc gur de chineál íogair é, ach don táirgeoir onnmhairiúcháin amháin. Chinn an Coimisiún nach raibh costas an chreidmheasa a deonaíodh ar cheann de na tosca a chuir an páirtí san áireamh agus na praghsanna a gearradh á gcinneadh.

([10]) Féach mar shampla mír 68 de Bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (An Dara Dlísheomra), an 17 Márta 2015 i gCás T-466/12, RFA International, LP v an Coimisiún Eorpach.

([11]) Le haghaidh sonraí, féach aithris (40) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2005 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóire (IO L 310, 17.11.2016, lch. 1).

3.2.4. *Corrlach dumpála*

(53) Rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(54) Ar an mbonn sin, i gcás Hansol Paper ba é 29 % an meánchorrlach dumpála ualaithe, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc. Is é an chonclúid ar ar thángthas dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(55) Tar éis an nochta deiridh, thug Hansol Paper dá aire gur tháinig an chuid is mó den dumpáil ó pháipéar teirmeach de ghrád lipéid agus gur léirigh sé an difríocht ó thaobh meascán táirgí idir a dhíolacháin isteach san Aontas san imscrúdú bunaidh agus an t-imscrúdú athbhreithnithe. Tugann an Coimisiún chun cuimhne go ndearnadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid de réir chineál an táirge, mar a thuairiscítear sna ranna thuas, agus, i ndeireadh na dála, nár ghá ach corrlach dumpála aonair amháin a bhunú le haghaidh dhíolacháin na dtáirgí uile a chumhdaítear leis na bearta atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, cuireadh an difríocht sa mheascán táirgí idir an t-imscrúdú bunaidh agus an t-athbhreithniú san áireamh agus an corrlach dumpála á shuí.

3.3. **An dóchúlacht go leanfar den dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm**

(56) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré agus tarraingteacht mhargadh an Aontais i gcomparáid le margaí eile.

3.3.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré*

(57) De réir na faisnéise margaidh, ba é Hansol Paper an táirgeoir ba mhó i bhfad den táirge faoi athbhreithniú i bPoblacht na Cóiré. D'athraigh a acmhainneacht táirgeachta de réir na foinse. I d*Tuarascáil Inbhuanaitheachta Hansol Paper 2019*, suíodh é sin ag 355 000 tona in aghaidh na bliana don roinnt lena n-áirítear páipéar teirmeach éadrom ([12]). Le linn an imscrúdaithe, agus é á admháil gurbh é an figiúr sin acmhainneacht deartha an bhrataithe theirmigh, chuir Hansol Paper figiúirí acmhainneachta táirgeachta isteach de thart ar 250 000 – 300 000 tona in aghaidh na bliana. Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, mhaígh an chuideachta go raibh an figiúr a luadh i dTuarascáil 2019 míchruinn. Mheas an chuideachta gur cruinne na figiúirí maidir le hacmhainneacht in *Thermal Paper 2019-2024 World Market Study* [Staidéar Margaidh Domhanda ar Pháipéar Teirmeach 2019 -2024] de chuid Laves Chemie Consulting. Measadh sa staidéar sin gurb é 260 000 tona in aghaidh na bliana acmhainneacht táirgeachta páipéir theirmigh Hansol Paper ([13]).

(58) De réir an staidéir thuasluaite a rinne Laves Chemie Consulting, go dtí le déanaí bhí trí tháirgeoir páipéir theirmigh eile i bPoblacht na Cóiré lenar bhain hacmhainneacht táirgeachta iomlán de 45 000 tona ([14]). Mar sin féin, ní léir fós a mhéid a d'fhéadfaí an acmhainneacht sin a ghníomhachtú le haghaidh páipéar teirmeach éadrom dá dtabharfaí cúis leis sin le himthosca an mhargaidh. De réir tháirgeoirí an Aontais, is é Donghwa Ind co. Ltd an t-aon táirgeoir eile ón gCóiré a bheadh páipéar teirmeach á tháirgeadh aige fós, agus acmhainneacht táirgeachta 15 000 tona aige in aghaidh na bliana ([15]).

([12]) Iarraidh, míreanna 99 go 101 (lgh 23-24).
([13]) Laves Chemie Consulting: Thermal Paper 2019-2024 World Market Study [Staidéar Margaidh Domhanda ar Pháipéar Teirmeach 2019 -2024], Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an iarraidh (t22.002094).
([14]) Laves Chemie Consulting: Thermal Paper 2019-2024 World Market Study [Staidéar Margaidh Domhanda ar Pháipéar Teirmeach 2019 -2024], Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an iarraidh, leathanach 19.
([15]) Leagan oscailte de fhreagraí an cheistneora in t22.003621 (Koehler), t22.003615 (Jujo) agus t22.003616 (Mitshubishi).

(59) I bhfianaise a bhfuil thuas, cé nárbh fhéidir leis an gCoimisiún an acmhainneacht bhreise sa Chóiré a chainníochtú ar an iomlán, bhí sé ábalta a shuíomh go bhfuil an acmhainneacht táirgeachta suntasach, mar go bhfuil sí thart ar 10 n-oiread níos mó ná an tomhaltas intíre sa Chóiré agus beagnach dhá oiread thomhaltas an Aontais. Ina theannta sin, tá sé fógartha arís agus arís eile ag Hansol Paper go bhfuil sé beartaithe aige a ghnó páipéir theirmigh a leathnú, mar a thaispeántar ina thuarascáil airgeadais don chéad leath de 2021 ([16]) agus i dtuarascálacha airgeadais ina dhiaidh sin (in 2022 freisin ([17])). Chuirfeadh leathnú dá leithéid le hacmhainneacht táirgeachta páipéir theirmigh na Cóiré i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a bhí i bhfad níos airde cheana ná tomhaltas an pháipéir theirmigh éadroim san Aontas (féach Tábla 1).

(60) Tar éis an nochta deiridh, dúirt Hansol Paper go raibh torthaí an Choimisiúin maidir le hacmhainneacht sa Chóiré gan bhunús agus mícheart mar gheall ar an méid seo a leanas: (i) ba é Hansol Paper an t-aon táirgeoir amháin den táirge faoi athbhreithniú sa Chóiré, (ii) go raibh míthuiscint bainte ag an gCoimisiún as na fógraí ó Hansol Paper maidir le leathnú agus (iii) go raibh áibhéil déanta ag an gCoimisiún agus é ag suí go raibh acmhainneacht táirgeachta Hansol Paper an-solúbtha.

(61) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Maidir le maíomh Hansol Paper gurbh é an t-aon táirgeoir amháin é den táirge faoi athbhreithniú sa Chóiré, thug an Coimisiún dá aire go raibh faisnéis eile sa chomhad a tháinig salach air sin, lena n-áirítear ráitis a rinne Hansol Paper féin le linn an imscrúdaithe ar athbhreithniú éaga ([18]). Cé nach bhfuil aon athrú tagtha ar thuairim an Choimisiúin gurb é Hansol Paper an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin san imscrúdú athbhreithnithe seo, níor tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh é Hansol Paper an t-aon táirgeoir amháin páipéir theirmigh éadroma i bPoblacht na Cóiré. A mhalairt ar fad, mar a mhínítear in aithris (58) thuas, thug an fhianaise sa chomhad le fios go bhféadfadh táirgeoir amháin eile ar a laghad de pháipéar teirmeach éadrom, mar atá Donghwa Ind co. Ltd, a bheith ag táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú i bPoblacht na Cóiré. Thug an Coimisiún dá aire gur áiríodh ar shuíomh gréasáin Donghwa Ind ([19]) tagairtí do tháirgeadh páipéar teirmeach i gcoitinne agus pictiúir de tháirgí amhail admhálacha pointe díola a dhéantar de ghnáth as páipéar teirmeach éadrom. Thug an Coimisiún dá aire freisin, i bhfianaise na fianaise bréagnaithí, nár chuid Hansol Paper fianaise faoina bhráid a thabharfadh bunús lena mhaíomh gurb é an t-aon táirgeoir páipéir theirmigh éadroim i bPoblacht na Cóiré é. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(62) Níor aontaigh an Coimisiún nach raibh aon acmhainneacht bhreise sa Chóiré, mar a dúirt Hansol. Mar shampla, sholáthair Hansol Paper figiúirí maidir le hacmhainneacht a bhí chomh híseal sin go mbeadh a úsáid acmhainneachta tuairiscithe níos mó ná 100 % i mblianta áirithe den tréimhse faoi bhreathnú.

(63) Maidir leis an míthuiscint líomhnaithe ar na fógraí ó Hansol Paper maidir le leathnú agus saincheist na hacmhainneachta táirgeachta solúbtha, níor aontaigh an Coimisiún leis sin. D'fhógair Hansol Paper féin arís agus arís eile go poiblí ina thuarascálacha airgeadais go raibh sé ar intinn aige a ghnó páipéar teirmeach a leathnú ([20]). Gan infheistíochtaí a bheadh dírithe ar acmhainneacht a mhéadú a bheith san áireamh sna pleananna infheistíochta a bhí ar fáil tráth na cuairte fíorúcháin, ní fhágann sin nach bhféadfadh Hansol Paper beart a dhéanamh de réir a chuid fógraí ag tráth níos déanaí. In aon chás, tá an iliomad modhanna ag Hansol Paper chun a ghnó páipéar teirmeach a leathnú, lena n-áirítear acmhainneacht a mhalartú. Mar a luaigh an páirtí féin in *2022 Hansol Paper Sustainability Report* ([21]) [Tuarascáil Hansol Paper maidir le hInbhuanaitheacht 2022], tá saoráidí táirgthe solúbtha ag Hansol Paper gan aon agó. Fiú mura bhfuil cainníochtú na solúbthachta le fáil go follasach, ós rud é go raibh sé le feiceáil sa tuarascáil, tugtar le fios nach beag an tsolúbthacht chéanna agus, dá bhrí sin, gur fiú fógra poiblí a dhéanamh faoi. Ní chuireann an meascán táirgí atá i bplean táirgthe 2023 Hansol Paper cosc ar an bpáirtí méid nach diomaibhseach dá acmhainneacht a athrú chuig an táirge faoi athbhreithniú nuair is gá.

([16]) Le haghaidh sleachta féach, *inter alia*, leathanach 24 den iarraidh.

([17]) Chun teacht ar thuarascáil airgeadais Hansol Paper lena gcumhdaítear na chéad trí ráithe de 2022, féachhttps://dart.fss.or.kr/dsaf001/main.do?rcpNo=20221111000618 (sa Chóiréis).

([18]) An 10 Bealtaine 2022 (t22.002756) thagair Hansol Paper dó féin mar 'príomhtháirgeoir onnmhairiúcháin páipéir theirmigh éadroim sa Chóiré'.

([19]) Suíomh gréasáin na cuideachta: http://www.donghwaind.co.kr

([20]) Féach fonótaí 16 agus 17 thuas.

([21]) Tuarascáil Hansol Paper maidir le hInbhuanaitheacht 2022 le fáil ag https://www.hansolpaper.co.kr/m/eng/management/data. Tá an méid seo ar leathanach 10 den tuarascáil: "Tá córas saoráide solúbtha ag muillean Janghang... ar féidir leis díriú ar pháipéar ábhair speisialta - páipéar priontála ardchaighdeáin, páipéar teirmeach agus páipéar lipéid, mar shampla - de réir choinníollacha an mhargaidh.... Tá córas saoráide solúbtha ag muillean Shintanjin... chun páipéar priontála agus páipéar teirmeach a tháirgeadh...".

3.3.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais i gcomparáid le margaí eile*

(64) Tá margadh intíre Phoblacht na Cóiré beag, agus tomhaltas bliantúil idir 20 000 - 37 200 tona ann ([22]). Tá táirgeadh bliantúil Hansol Paper leis féin 4 go 9 n-oiread níos mó ná tomhaltas an táirge faoi athbhreithniú ina mhargadh intíre. Suíodh san imscrúdú go bhfuil an tomhaltas intíre, de réir méide, ag laghdú agus laghdú 29 % tagtha ar dhíolacháin intíre páipéir theirmigh éadroim Hansol Paper, táirgeoir ceannasach na tíre, le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([23]). Dá bhrí sin, tá tionscal páipéir theirmigh éadroim na Cóiré dírithe ar onnmhairiú. Maidir le brabúsacht dhíolacháin intíre Hansol Paper, féach roinn 3.2.1 thuas.

(65) Ar bhonn shonraí fíorúcháin Hansol Paper, shuigh an Coimisiún gur tháinig méadú ar mhéid onnmhairí na Cóiré chuig cinn scríbe seachas an tAontas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú ([24]). Shonraigh sé freisin go raibh onnmhairí na Cóiré, go háirithe chuig na Stáit Aontaithe, suntasach ([25]). Mar sin féin, tháinig laghdú ar phraghsanna díola onnmhairí na Cóiré chuig cinn scríbe seachas an tAontas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Tá sé sin le feiceáil go soiléir ar mhargadh na Stát Aontaithe ([26]). Thairis sin, d'fhorchuir údaráis na Stát Aontaithe bearta frithdhumpála ar allmhairí páipéir theirmigh de thionscnamh, inter alia, Phoblacht na Cóiré an 27 Meán Fómhair 2021 ([27]). Ar na cúiseanna sin, i dtéarmaí praghsanna, níl margadh na Stát Aontaithe chomh tarraingteach anois d'onnmhairí na Cóiré.

(66) Is é margadh an Aontais an margadh is mó ar domhan le haghaidh páipéar teirmeach éadrom, agus baineann thart ar 25 % den tomhaltas domhanda leis, agus tá acmhainneacht ard fáis aige i ndearbhthéarmaí ([28]). Soiléiríodh leis an imscrúdú go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh praghsanna de i gcomparáid le margaí eile. I ndiaidh fhorchur na mbeart frithdhumpála in 2017, tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó Phoblacht na Cóiré agus b'ionann iad agus 1 000 - 2 500 tona go díreach in 2020. Ó shin i leith, áfach, agus in ainneoin na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm, tháinig méadú arís ar dhíolacháin na Cóiré leis an Aontas ([29]) agus ba é 4 500 – 6 000 tona a bhí i gceist leo i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, arb ionann sin agus sciar 2,7 % den mhargadh.

(67) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Hansol Paper ar an gCoimisiún corrlach dumpála a ríomh le haghaidh díolacháin Hansol le margaí tríú tíortha ar an bhforas gur chleachtas comhsheasmhach atá i ríomh den sórt sin sna hathbhreithnithe éaga a dhéanann an Coimisiún agus nár mheas an Coimisiún an raibh dumpáil tugtha le fios i bpraghsanna onnmhairiúcháin Hansol Paper chuig margaí taobh amuigh den Aontas. Shoiléirigh an Coimisiún gurb é is cuspóir d'athbhreithniú éaga a shuí an dócha go leanfaí de dhumpáil agus díobháil nó go dtarlóidís arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Ós rud é gur cinneadh gur tharla dumpáil nach beag le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le haghaidh díolacháin leis an Aontas agus i bhfianaise na conclúide ar ar thángthas ina dhiaidh sin maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún aon chinneadh dumpála eile a dhéanamh san imscrúdú seo. Maidir le praghsanna onnmhairiúcháin Hansol Paper chuig margaí taobh amuigh den Aontas, rinneadh anailís orthu in aithris (65) thuas. Déantar tuilleadh anailíse orthu sna haithrisí thíos.

([22]) Laves Chemie Consulting: Thermal Paper 2019 -2024 World Market Study [Staidéar Margaidh Domhanda ar Pháipéar Teirmeach 2019 -2024], Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an iarraidh, tábla 'Balance of Supply and Demand in Metric Tonnes' [Cothromú an tSoláthair agus an Éilimh i dTonaí Méadracha], leathanach 22, inar suíodh gurbh ionann an tomhaltas páipéir theirmigh sa Chóiré agus 60 000 tona in 2019. Measadh i leagan oscailte den cheistneoir in t22.003621 (Koehler), t22.003615 (Jujo) agus t22.003616 (Mitshubishi) gur 37 200 tona tomhaltas bliantúil páipéir theirmigh éadroim sa Chóiré.

([23]) Freagra Hansol Paper ar an gceistneoir (t22.003569), tábla C.2 (cainníocht díolachán).

([24]) Ibid.

([25]) Iarraidh, Iarscríbhinn 6, leathanach 21 ('Onnmhairíonn an Chóiré 78 % dá cuid táirgeachta chuig Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Láir agus Theas, agus chuig tíortha eile na hÁise freisin. …').

([26]) Freagra Hansol Paper ar an gceistneoir (t22.003569), táblaí K.3 den chomhad 'R768 Táblaí K-L-M (HAI) - OPEN.pdf', ar ina bhfianaise, a tháinig laghdú 13 %, thar an tréimhse faoi athbhreithniú, ar láimhdeachas an táirge faoi athbhreithniú de chuid Hansol America agus tháinig méadú 2 % ar an méid díolachán. Tabhair faoi deara, de réir Census Bureau na Stát Aontaithe, gur tháinig laghdú 2 223 USD/tona in 2018 go 1 645 USD/tona in 2020 ar praghsanna páipéir théirmigh na Cóiré (féach 'staidreamh allmhairiúcháin' ar an suíomh gréasáin seo a leanas de chuid Riarachán Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe: https://www.trade.gov/faq/final-determinations-antidumping-duty-investigations-thermal-paper-germany-japan-south-korea).

([27]) Féach suíomh gréasáin oifigiúil Riarachán Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe, mar atá https://www.trade.gov/faq/final-determinations-antidumping-duty-investigations-thermal-paper-germany-japan-south-korea.

([28]) Iarraidh, in Iarscríbhinn 6, táblaí 'Tomhaltas de réir Gráid agus Limistéar Geografach 2020', 'Tomhaltas de réir Limistéir Gheografaigh i dTonaí Méadracha 2022-2024' agus 'Tomhaltas de réir Gráid agus Limistéar Geografach 2024'.

([29]) Freagra Hansol Paper ar an gceistneoir (t22.003569), táblaí K.3 den chomhad 'R768 Táblaí K-L -M (HEB) - OPEN.pdf'.

(68) Tar éis an nochta deiridh, líomhnaigh Hansol Paper gur cheart don Choimisiún a chinneadh nach raibh margadh páipéir theirmigh éadroim an Aontais tarraingteach a thuilleadh i bhfianaise na faisnéise a chuir Hansol Paper isteach cheana féin (agus, de réir na líomhna, nár leor mar a chuir an Coimisiún san áireamh í) agus, go háirithe, na maímh nach mbeadh Hansol Paper dírithe a thuilleadh ar mhargadh an Aontais, an tábhacht a bhaineann le margadh na Stát Aontaithe do Hansol Paper, leibhéal bhearta frithdhumpála na Stát Aontaithe maidir le páipéar teirmeach agus nár thug an Coimisiún tuairisc sa Rialachán seo ar ghníomhaíochtaí Hansol Paper i dtríú margaí eile.

(69) Níor aontaigh an Coimisiún leis an líomhain nár tharraingteach an Aontais d'onnmhairí na Cóiré. Maidir leis na fíorais nárbh é margadh an Aontais príomh-mhargadh Hansol Paper ó thaobh méide de le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus go raibh díolacháin nach beag ag Hansol Paper leis na Stáit Aontaithe, ní bhaineann siad an bonn de tharraingteacht mhargadh an Aontais. Chomh maith leis sin, mhaígh an Coimisiún go bhfágann na bearta frithdhumpála atá ag na Stáit Aontaithe nach bhfuil margadh na Stát Aontaithe chomh tarraingteach céanna agus a bhí sé sular forchuireadh aon bheart, fiú mura bhfuil leibhéal na mbeart toirmeascach. Maidir le díolacháin Hansol Paper ar mhargaí eile, ní raibh an Coimisiún in ann a mhéideanna díolacháin agus a phraghsanna ar mhargaí eile de réir tíre a nochtadh sa Rialachán seo a mhéid a mheas an páirtí go raibh an fhaisnéis sin íogair (i.e. an t-aon fhoinse le haghaidh sa sonraí atá i gceist). Mar sin féin, bhreithnigh an Coimisiún straitéis díolacháin agus praghsanna Hansol ar mhargaí eile, mar a roinn sé leis an bpáirtí trí na tuarascálacha fíorúcháin. I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún, ar fud an domhain, go bhfuil táirgeadh páipéir theirmigh le fáil i dornán tíortha, mar a léirítear i *Thermal Paper 2019-2024 World Market Study* [Staidéar Margaidh Domhanda 2019-2024 maidir le Páipéar Teirmeach] ó Laves Chemie. Dá bhrí sin, ní bhíonn táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú i ngleic le hiomaíocht ó tháirgeoirí áitiúla ach i ndornán limistéar ar domhan. Bhí Meiriceá Theas agus Láir, an Afraic, an Astraláise agus an chuid is mó de thíortha na hÁise, mar sin, ina nglan-allmhaireoirí páipéir theirmigh ([30]), ón gCóiré den chuid is mó. Fiú más rud é, i bprionsabal, go ndealraíonn sé go mbeadh margaí nach bhfuil táirgeadh intíre (suntasach) iontu níos tarraingtí ar an gcéad amharc, chinn an Coimisiún gur tháinig laghdú, i dtéarmaí ginearálta, ar phraghsanna díola an táirge faoi athbhreithniú le margaí onnmhairiúcháin nach margaí de chuid an Aontais iad, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar aon dul le praghsanna an Aontais. Léirigh comparáid idir praghsanna díola Hansol Paper le gach margadh onnmhairiúcháin taobh amuigh den Aontas agus praghsanna díola Hansol Paper leis an Aontas, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go raibh praghsanna an Aontais níos airde go comhsheasmhach ar an iomlán ná praghsanna díola Hansol Paper leis an gcuid eile den domhan. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún maidir le margadh an Aontais, an margadh is mó le haghaidh páipéar teirmeach éadrom ar domhan agus margadh a bhfuil acmhainneacht ard fáis ann i ndearbhthéarmaí, gur margadh tarraingteach é d'onnmhairí ón gCóiré ó thaobh méide agus praghsanna de, gan beann ar na hathruithe ar líonra díolacháin Hansol Paper ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh.

3.3.3. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil*

(70) I bhfianaise a thorthaí ar leanúint den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a leagtar amach in aithris (54), gurb ann d'acmhainneacht táirgeachta sholúbtha nach diomaibhseach i bPoblacht na Cóiré, spéis na Cóiré atá ag fás arís i margadh mór an Aontais lena mbaineann praghsanna tarraingteacha agus na bearta frithdhumpála a forchuireadh le déanaí ar a phríomh-mhargadh onnmhairiúcháin reatha ([31]), d'fhéadfaí a bheith ag súil le méadú eile ar allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann má aisghairtear na bearta. Dá bhrí sin, chinn Coimisiún gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí an táirge lena mbaineann in éag.

## 4. **DÍOBHÁIL**

### 4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeadh an Aontais**

(71) Rinne cúig tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is ionann na táirgeoirí sin agus 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

([30]) Iarraidh, Iarscríbhinn 6, leathanach 21 ('Onnmhairíonn an Chóiré 78 % dá cuid táirgeachta chuig Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Láir agus Theas go príomha, agus chuig tíortha eile na hÁise freisin. (...) Tá onnmhairí Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Theas gan tábhacht. Tá allmhairí *(go Meiriceá Láir agus Theas)* ag 50 % den tomhaltas ón Eoraip go príomha, agus ó Mheiriceá Thuaidh, ón tSín, agus ón gCóiré. Is éard atá i dtíortha an chuid eile den domhan sa chomhthéacs seo an Áise (seachas an tSín, an tSeapáin, an Chóiré), an Afraic, agus an Astraláise. Tá onnmhairí (de réir tíortha an chuid eile den domhan) neamhshuntasach ach allmhairíonn tíortha an chuid eile den domhan 80 % den tomhaltas ón gCóiré, ón tSín agus ón Eoraip go príomha...").

([31]) De réir Census Bureau na Stát Aontaithe 54 337 tona a bhí i gceist leis na hallmhairí páipéir theirmigh ón gCóiré in 2020 (féach 'staidreamh allmhairiúcháin' ar an suíomh gréasáin seo a leanas de chuid Riarachán Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe: https://www.trade.gov/faq/final-determinations-antidumping-duty-investigations-thermal-paper-germany-japan-south-korea).

(72) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 360 727 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail freagra an cheistneora a chuir an t-iarratasóir isteach a chros-seiceáil sé i gcoinne freagraí aonair an cheistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Mar a léirítear in aithris (18), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann tuairim agus 86 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

### 4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(73) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn: (a) sonraí an iarratasóra maidir le díolacháin thionscal an Aontais den táirge comhchosúil, arna gcros-seiceáil go páirteach leis na méideanna díolachán a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an Aontais ([32]); agus (b) allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat agus anailís ar shonraí onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch.

(74) Tháinig an fhorbairt a leanas ar thomhaltas an Aontais:

*Tábla 1*

**Tomhaltas an Aontais (tonaí)**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas iomlán an Aontais | 179 500 –184 000 | 170 000 –174 500 | 165 500 –170 000 | 177 000 –181 500 |
| *Innéacs* | *100* | *94* | *92* | *98* |

Foinse: Eurostat, Freagraí ar an gceistneoir agus Iarraidh.

(75) Tháinig laghdú 8 % ar thomhaltas an Aontais ó 2018 go 2020. Chuaigh paindéim dhomhanda COVID i gcion ar thomhaltas an Aontais in 2020, ach tháinig téarnamh ar thomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus feictear laghdú foriomlán 2 % ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

### 4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

#### 4.3.1. *Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh díobh ón tír lena mbaineann*

(76) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch isteach agus ar bhonn an staidrimh ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais.

(77) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tír lena mbaineann:

*Tábla 2*

**Méid (tonaí) na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí) | 2 500 –4 000 | 1 500 – 3 000 | 1 000 – 2 500 | 4 500 – 6 000 |
| *Innéacs* | *100* | *64* | *48* | *165* |
| An sciar den mhargadh | 1,6 % | 1,1 % | 0,9 % | 2,7 % |
| *Innéacs* | *100* | *68* | *53* | *167* |

Foinse: Ceistneoir faoin dumpáil agus Eurostat.

([32]) Foinse: freagra ar an gceistneoir arna chur isteach ag an iarratasóir agus freagraí aonair ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir arna bhfíorú .

(78) Tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ó 2018 go 2020. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar an méid le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus tá méadú 65 % tagtha air ó fhigiúr 2018. Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 1,6 % in 2018 go 2,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(79) Chun na méideanna agus na luachanna allmhairiúcháin sa tréimhse faoi bhreathnú a shuí, rinne an Coimisiún anailís ar na sonraí onnmhairiúcháin arna dtuairisciú ag Hansol Paper, an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sa tír lena mbaineann, i bhfianaise an staidrimh allmhairiúcháin arna thaifeadadh in Eurostat. D'aimsigh an Coimisiún neamhréireachtaí idir onnmhairí tuairiscithe Hansol Paper chuig an Danmhairg, chuig an Eastóin, chuig an bhFionlainn agus chuig an Liotuáin agus allmhairí sna Ballstáit sin a taifeadadh in Eurostat. Ar bhonn na faisnéise a chuir an chuideachta isteach, chinn an Coimisiún nár tháinig an táirge faoi athbhreithniú arna onnmhairiú ag Hansol Paper chuig an Danmhairg, chuig an Eastóin, chuig an bhFionlainn agus go páirteach chuig an Liotuáin freisin, isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Is dócha go raibh na díolacháin sin fós faoi bhealach agus/nó go raibh siad beartaithe do thíortha lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, maidir le hallmhairí chuig na ceithre Bhallstát thuasluaite, bhraith an Coimisiún ar staidreamh a taifeadadh in Eurostat.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(80) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin agus an staidreamh ó Eurostat isteach.

(81) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann:

*Tábla 3*

**praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánphraghas allmhairí ó Phoblacht na Cóiré | 1 800 – 2 000 | 1 550 – 1 750 | 1 450 – 1 650 | 1 450 – 1 650 |
| *Innéacs* | *100* | *91* | *82* | *81* |

Foinse: Ceistneoir faoin dumpáil agus Eurostat

(82) Tháinig laghdú 19 % ar an meánphraghas allmhairí ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(83) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid lena chéile:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoirí sampláilte an Aontais, ar praghsanna iad a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha; agus

— meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge a allmhairítear ón táirgeoir comhoibríoch chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna mbunú ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(84) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn an chineáil idirbhirt ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán den láimhdeachas teoiriciúil (cainníochtaí onnmhairithe an táirgeora onnmhairiúcháin arna luacháil ag praghas díola thionscal an Aontais) de réir shamhail gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcás inar aimsíodh PCN comhionann do thionscal an Aontais.

(85) Léiríodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 13.7 % ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Fuarthas go raibh sladghearradh á dhéanamh ar thart ar 83 % de na méideanna allmhairí.

(86) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hansol Paper gur bhain formhór an tsladghearrtha le páipéar teirmeach de ghrád lipéid nach mbaineann leis na táirgí a chumhdaítear leis an imscrúdú bunaidh. Ríomh an Coimisiún an corrlach sladghearrtha ar chomparáid cineáil táirge mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

### 4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Poblacht na Cóiré.**

(87) Tháinig allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe ó thríú tíortha seachas Poblacht na Cóiré ón tSín agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá go príomha.

(88) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt méid na n-allmhairí, mar aon leis an sciar den mhargadh agus na treochtaí praghais a bhain le hallmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe ó thríú tíortha eile:

*Tábla 4*

**Allmhairí ó thríú tíortha**

| Tír | | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | Méid (tonnaí) | 6 000-7 500 | 4 500-6 000 | 3 500-5 000 | 3 500-5 000 |
| | *Innéacs* | *100* | *80* | *62* | *48* |
| | An sciar den mhargadh | 3,5 % | 3,0 % | 2,4 % | 1,7 % |
| | *Innéacs* | *100* | *85* | *67* | *49* |
| | Meánphra-ghas (EUR/tona | 1 500-1 650 | 1 600-1 750 | 1 500-1 650 | 1 500-1 650 |
| | *Innéacs* | *100* | *104* | *96* | *96* |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | Méid (tonnaí) | 2 850-3 000 | 2 350-2 500 | 2 850-3 000 | 3 000-3 150 |
| | *Innéacs* | *100* | *84* | *100* | *105* |
| | An sciar den mhargadh | 1,6 % | 1,4 % | 1,7 % | 1,7 % |
| | *Innéacs* | *100* | *89* | *109* | *107* |
| | Meánphra-ghas (EUR/tona) | 2 400-2 550 | 2 950-3 100 | 2 950-3 100 | 2 800-2 950 |
| | *Innéacs* | *100* | *122* | *120* | *115* |
| Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann | Méid (tonnaí) | 10 00-00-11 500 | 9 500 -11 000 | 9 000 -10 500 | 9 000-10 500 |
| | *Innéacs* | *100* | *93* | *87* | *90* |
| | An sciar den mhargadh | 5,8 % | 5,7 % | 5,5 % | 5,3 % |
| | *Innéacs* | *100* | *98* | *95* | *91* |
| | Meánphra-ghas (EUR/tona) | 1 950 – 2 150 | 2 250–2 450 | 2 250–2 450 | 2 450 – 2 650 |
| | *Innéacs* | *100* | *115* | *118* | *126* |

Foinse: Eurostat

(89) Tháinig laghdú níos mó ná 50 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú 5 % ar allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tháinig laghdú seasta ar an sciar den mhargadh de chuid tríú tíortha eile ó 5.8 % in 2018 go 5.3 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

## 4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

### 4.5.1. *Barúlacha Ginearálta*

(90) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(91) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí i bhfreagra an iarratasóra ar an gceistneoir, arna gcros-seiceáil go cuí leis an bhfaisnéis san iarraidh agus le staidreamh Eurostat. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ar an gceistneoir a chuir tháirgeoirí sampláilte an Aontais isteach. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(92) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(93) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

### 4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

#### 4.5.2.1. Táirgeadh, acmhainn táirgeachta agus úsáid acmhainne

(94) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 5*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid táirgeachta (tonaí) | 399 607 | 392 619 | 348 216 | 360 727 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *87* | *90* |
| Acmhainneacht táirgeachta (tonaí) | 563 021 | 581 338 | 640 533 | 633 474 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *114* | *113* |
| Úsáid acmhainneachta | 71 % | 68 % | 54 % | 57 % |
| *Innéacs* | *100* | *95* | *77* | *80* |

Foinse: Ceistneoir agus Iarraidh na Díobhála.

(95) Tháinig laghdú 10 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí laghdú 13 % ar an méid táirgeachta in 2020 i ndáil le 2018, mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.

(96) Tháinig méadú ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sí fós réasúnta cobhsaí le linn 2020 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(97) Tháinig laghdú 23 % ar an ráta na húsáide acmhainneachta idir 2018 agus 2020. Tháinig méadú beag 3 phointe céatadáin ar an ráta úsáide idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.2.2. Méid díolacháin agus an sciar den mhargadh

(98) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

*Tábla 6*

**An méid díolachán agus an sciar den mhargadh**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí) | 168 151 | 159 905 | 156 357 | 164 118 |
| *Innéacs* | *100* | *95* | *93* | *98* |
| An sciar den mhargadh | 92,6 % | 93,2 % | 93,7 % | 92,0 % |
| *Innéacs* | *100* | *101* | *101* | *99* |

Foinse: Ceistneoir díobhála, Iarraidh agus Eurostat.

(99) Tháinig laghdú 2 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Arís, tháinig laghdú suntasach ar dhíolacháin in 2020, laghdú a bhain le géarchéim COVID. Bhí méadú ar dhíolacháin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe atá cosúil leis an treocht tomhaltais a léirítear i dTábla 1.

(100) Bhí an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag 92 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.2.3. Fás

(101) Le linn na tréimhse a measadh, tháinig laghdú 2 % ar thomhaltas an Aontais. Ag an am céanna, bhí laghdú den chineál céanna ar dhíolacháin an tionscail ar mhargadh an Aontais. Níor tháinig ach laghdú beag ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ó 92.6 % go 92 %.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(102) Tháinig forbairt ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 7*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | 1 080 | 1 057 | 951 | 870 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *88* | *81* |
| Táirgiúlacht (tonaí/fostaí) | 370 | 371 | 366 | 415 |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *99* | *112* |

Foinse: Ceistneoir agus Iarraidh na Díobhála

(103) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú suntasach ar líon na bhfostaithe a bhí fostaithe ag tionscal an Aontais, laghdú 19 bpointe céatadáin ar an iomlán.

(104) Bhí táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse 2018 go 2020 agus tá méadú 13 % tagtha uirthi ó 2020.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(105) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí an corrlach dumpála aonair a aimsíodh don táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch fós suntasach (féach aithris (54) thuas).

(106) In ainneoin go raibh dumpáil fós ar siúl don tír lena mbaineann, áfach, léirítear san anailís ar na táscairí díobhála go raibh tionchar dearfach ag na bearta atá i bhfeidhm ar thionscal an Aontais.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(107) Is mar a leanas a d'fhorbair mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 8*

**Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán | 1 721 | 1 729 | 1 525 | 1 518 |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *89* | *88* |
| Costas táirgthe in aghaidh an aonaid | 1 557 | 1 504 | 1 377 | 1 453 |
| *Innéacs* | *100* | *97* | *88* | *93* |

Foinse: Ceistneoir díobhála

(108) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 12 % ar mheánphraghas díola thionscal an Aontais. Tháinig laghdú 7 % ar an gcostas táirgthe idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 12 % air ar dtús idir 2018 agus 2020, ach tháinig méadú 5.5 % air ansin idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tharla sé sin mar gheall ar mhéadú ar chostas ar amhábhair, go háirithe costas laín adhmaid, agus na costais fuinnimh.

4.5.3.2. Costais saothair

(109) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 9*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | 61 576 | 68 809 | 74 604 | 75 027 |
| *Innéacs* | *100* | *112* | *121* | *122* |

Foinse: Ceistneoir díobhála

(110) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig méadú 22 % ar na costais saothair. Bhí laghdú ar líon na bhfostaithe ag an am céanna. Bhí an méadú sin ar chostais saothair i bhfad níos airde ná an méadú foriomlán ar na costais do thionscal an Aontais mar gheall ar bhoilsciú.

4.5.3.3. Fardail

(111) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 10*

**Fardail**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (tonnaí) | 17 878 | 18 452 | 15 810 | 16 082 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *88* | *90* |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht | 5,3 % | 5,5 % | 5,2 % | 5,0 % |
| *Innéacs* | *100* | *105* | *100* | *96* |

Foinse: Ceistneoir díobhála

(112) Léiríonn na stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht bonn seasmhach thar an tréimhse faoi bhreathnú. Is gnách go ndéantar an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh ar ordú agus dá bhrí sin is gnách go mbíonn na stoic deiridh cobhsaí. Mar sin féin, tháinig laghdú 10 % ar leibhéal an stoic deiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a tharla ag an am céanna le laghdú ar an táirgeadh le linn na tréimhse céanna.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

(113) Tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

*Tábla 11*

**- Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí**

| | 2018 | 2019 | 2020 | Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 11,3 % | 14,8 % | 12,2 % | 6,6 % |
| *Innéacs* | *100* | *131* | *108* | *59* |
| Sreabhadh airgid (EUR) | 87 661 559 | 87 198 733 | 67 116 931 | 41 474 900 |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *77* | *47* |
| Infheistíochtaí (EUR) | 34 123 041 | 58 784 540 | 61 376 912 | 6 839 111 |
| *Innéacs* | *100* | *172* | *180* | *20* |
| Toradh ar infheistíochtaí | 104 % | 50 % | 25 % | 24 % |
| *Innéacs* | *100* | *49* | *24* | *24* |

Foinse: Ceistneoir díobhála

(114) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(115) Bhí an bhrabúsacht dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I ndiaidh méadú ar na costais táirgthe, áfach, thit an mbrabúsacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ag laghdú go 6.6 %, figiúr atá i bhfad faoi bhun an spriocbhrabúis 11.5 % a suíodh san imscrúdú bunaidh. Tá an laghdú ar an mbrabúsacht mar gheall i bpáirt ar an méadú ar chostais idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe atá taifeadta in aithris (108), agus tharla sé ag an am céanna leis an mborradh suntasach ar allmhairí ón tír lena mbaineann sa tréimhse chéanna.

(116) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid anuas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag laghdú 53 %. Tá sé sin cosúil leis an gcás a tharla san imscrúdú bunaidh.

(117) Lean tionscal an Aontais den infheistíocht le linn na tréimhse 2018 go 2020. Tháinig laghdú mór, áfach, ar an infheistíocht sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(118) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Anuas a bhí a threocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú tráth a tháinig laghdú 76 % air. Tá an laghdú sin ar an toradh ar infheistíochtaí ag teacht leis an laghdú ar an mbrabúsacht.

(119) Bhí tionchar ag an mbrabúsacht laghdaitheach ar chumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú, mar is léir ón laghdú suntasach ar an infheistíocht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

### 4.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(120) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sciar den mhargadh de chuid thionscal an Aontais fós ard agus cobhsaí, ag 92 % nó os a chionn. Tháinig laghdú beag ar mhéideanna díolachán ar mhargadh an Aontais, ag tarlú ag an am céanna le laghdú comhchosúil ar thomhaltas.

(121) Maidir le táscairí airgeadais, bhí brabúsacht thionscal an Aontais dearfach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí sí os cionn an spriocbhrabúis de 11.5 % nó thart air sin, arna bhunú san imscrúdú bunaidh le linn an chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú. Go sonrach, rinne tionscal an Aontais brabúis os cionn 11.3 %, 14.8 % agus 12.2 % sna blianta 2018, 2019 agus 2020 faoi seach. Mar sin féin, tháinig méadú 5,5 % ar na costais ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus d'fhan na praghsanna cobhsaí, rud a raibh laghdú go 6,6 % ar an mbrabúsacht mar thoradh air. Tharla sé sin freisin ag an am céanna le méadú ar allmhairí dumpáilte, ó 0.9 % de sciar den mhargadh in 2020 go 2.7 % den sciar den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(122) Léirítear sna táscairí a ndearnadh scrúdú orthu gur baineadh amach a dtoradh beartaithe leis na bearta frithdhumpála, is é sin deireadh a chur leis an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais. Go deimhin, le forchur na mbeart bunaidh in 2017, cuireadh ar chumas thionscal an Aontais sciartha arda den mhargadh san Aontas a aisghabháil agus a choinneáil agus brabúis a dhéanamh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, thit brabúsacht thionscal an Aontais faoi bhun an spriocbhrabúis i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i ngeall ar an mbrú praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte lenar cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a bpraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar a gcostas táirgthe.

(123) Ar bhonn a bhfuil thuas, bhí staid thionscal an Aontais a fíoraíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe díobhálach. Gan beann ar an gcáileodh an díobháil sin cheana mar ábhar de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chinn an Coimisiún anailís a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís.

(124) Tar éis an nochta, mhaígh Hansol Paper nach raibh staid thionscal an Aontais díobhálach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(125) Mar a luaitear in aithris (83), bhunaigh an Coimisiún corrlach sladghearrtha 13,7 %. Thug an Coimisiún dá aire freisin in aithris (114) gur tháinig laghdú suntasach ar an infheistíocht i gcás thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sa dóigh gur thit sé 80 %. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí brabúsacht thionscal an Aontais i bhfad níos ísle ná brabúsacht an spriocbhrabúis 11,5 % a bunaíodh san imscrúdú bunaidh. Léiríonn na saincheisteanna sin go léir staid dhíobhálach thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

## 5. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH DÍOBHÁIL ARÍS

(126) Rinne an Coimisiún tuilleadh measúnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, an dóigh go dtarlóidh an díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta ina haghaidh dul as feidhm.

(127) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tír lena mbaineann, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag méid na n-allmhairí agus ag na praghsanna allmhairiúcháin ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

(128) Mar a thuairiscítear in aithrisí (57) go (59), tá sé de chumas ag an táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann a leithdháileadh acmhainneachta táirgeachta a mhéadú ar son tháirgeadh an pháipéir theirmigh éadroim. Go deimhin, sonraíodh i dtuarascáil inbhuanaitheachta Hansol Paper an fhéidearthacht le haghaidh cumais inathraitheachta a fhágann gur féidir cineálacha éagsúla páipéir a tháirgeadh de réir staid an mhargaidh. Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (59), tá an acmhainneacht táirgeachta sa Chóiré suntasach, mar go bhfuil sí thart ar 10 n-oiread níos mó ná an tomhaltas intíre sa tír agus beagnach dhá oiread thomhaltas an Aontais.

(129) Ar an dara dul síos, mar a thuairiscítear in aithris (66), is é margadh an Aontais an margadh is mó ar domhan le haghaidh páipéar teirmeach éadrom, agus thart ar 25 % den tomhaltas domhanda i gceist leis. Ina theannta sin, mar a thuairiscítear in aithris (65), d'fhorchuir údaráis na Stát Aontaithe bearta frithdhumpála ar an táirge lena mbaineann le déanaí, agus mar gheall air sin níl an margadh mór sin chomh tarraingteach d'onnmhairí na Cóiré anois. Ina theannta sin, díoladh na honnmhairí sin, i dtréimhsí áirithe den tréimhse faoi bhreathnú, ar phraghsanna níos airde ar mhargadh an Aontais i gcomparáid le margadh na Stát Aontaithe. Mar thoradh air sin tá margadh an Aontais tarraingteach i dtéarmaí praghais agus inrochtaineachta araon agus is mór an dóchúlacht atá ann go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

(130) Ar an tríú dul síos, mar a léirítear i dtáblaí 2 agus 3, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar na méideanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann, agus tháinig laghdú ar na praghsanna allmhairiúcháin. Tá na praghsanna allmhairiúcháin sin níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Go deimhin, mar a thuairiscítear in aithrisí (83) go (85), léiríodh san anailís um shladghearradh a rinne an Coimisiún corrlach sladghearrtha 13,7 % gan dleachtanna i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirítear leis sin, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh dreasacht ag onnmhaireoirí na Cóiré táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas ar leibhéil praghsanna díobhálacha. Chuirfeadh sé sin brú praghsanna ar thionscal an Aontais sa dóigh go gcaillfeadh sé méideanna díolachán agus/nó bheadh oibleagáid air ansin a leibhéil praghsanna a laghdú, agus rachfaí i gcion ar an mbrabúsacht dá bhrí sin.

(131) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart agus gur dócha go dtarlódh an díobháil ábhartha arís.

## 6. LEAS AN AONTAIS

(132) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

(133) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun Airteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(134) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go gcinnfí nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís.

### 6.1. Leas thionscal an Aontais

(135) Tá cúig tháirgeoir i dtionscal an Aontais atá lonnaithe i dtrí Bhallstát (an Ghearmáin, an Spáinn agus an Fhionlainn). Bhí gach táirgeoir den chúigear i bhfabhar an athbhreithnithe éaga.

(136) De réir na conclúide ar ar thángthas in aithris (123), ba dhíobhálach an staid do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, de réir na conclúide ar ar thángthas in aithris (130), ní bheadh tionscal an Aontais in ann déileáil leis dá gcuirfí deireadh leis na bearta, toisc gur dócha go mbeadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte mar thoradh air. Chuirfí inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach an tionscail i mbaol, dá bhrí sin, dá ligfí do na bearta dul in éag.

(137) Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

### 6.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(138) Cuireadh gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus úsáideoir ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Ní bhfuair an Coimisiún aon chomhar, áfach, ó allmhaireoirí neamhghaolmhara ná ó úsáideoirí.

(139) Dá bhrí sin, ní raibh aon chomhartha ann a léireodh go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí agus/nó ar na hallmhaireoirí, a bheadh níos mó ná tionchar dearfach na mbeart.

### 6.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(140) Ar bhonn an méid thuasluaite, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana maidir le páipéar teirmeach éadrom ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Cóiré é a choinneáil ar bun.

## 7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(141) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh dumpáil arís, maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den díobháil agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le páipéar teirmeach éadrom áirithe ó Phoblacht na Cóiré a choinneáil ar bun.

(142) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse áirithe do na páirtithe uile inarbh fhéidir leo aighneachtaí a dhéanamh de bhun an nochta sin agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Cuireadh na haighneachtaí agus na barúlacha san áireamh mar ba chuí.

(143) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(144) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe a bhfuil meáchan 65 g/m2 nó níos lú iontu; i rollaí atá 20 cm ar leithead nó níos mó, nuair is 50 kg nó níos mó an meáchan (lena n-áirítear an páipéar) atá sa rolla agus nuair is 40 cm nó níos mó an trastomhas (lena n-áirítear an páipéar) atá aige ('ollrollaí'); le bonnbhrat nó gan bhonnbhrat ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; iad brataithe le substaint atá teirmíogair ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus le barrbhrat nó gan bharrbhrat, atá faoi láthair faoi na cóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 90 00, ex 4816 90 00 agus ex 4823 90 85 (cóid TARIC: 4809 90 00 10, 4811 90 00 10, 4816 90 00 10, 4823 90 85 20), de thionscnamh Phoblacht na Cóiré.

([33]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Méid seasta EUR 103,16 in aghaidh an ghlantona a bheidh i ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an táirge a shonraítear i mír 1.

3. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN